

# Gearrscannáin

## TreoirLeabhar Staidéir

Bord Scannán na hÉireann
The Irish Film Board

TG4

IFI Irish Film Institute

# Réamhrá

Scríobhadh an treoirleabhar staidéir seo chun dul le DVD de Ghearscannáin Ghaeilge a léirigh Bord Scannán na hÉireann agus TG4 do scoileanna. Tá an-áthas orainn a bheith páirteach sa tionscadal spéisiúil fiúntach seo a bhfuil leas á bhaint as ár gcuid saineolais maidir le hoideachas scannán. Léiríonn sé chomh maith is a d'éirigh le Gearrscannáin Ghaeilge an tsuim mhór atá sa réimse seo i measc daltaí agus múinteoirí. Mar thoradh ar an DVD agus an treoirleabhar seo beidh fáil níos mó ar scannáin Ghaeilge.

Le *Clare sa Spéir* á chur ar chlár na hArdteistiméireachta deimhnítear go bhfuil áit ag an nGearrscannán ar an gcuraclam sin. Tagann ár gcur chuige maidir leis an scannán sin le treoirlínte an NCCA. Molaimid modheolaíocht chumarsáideach, ag tarraingt ar eolas atá ag daltaí cheana féin agus trí scileanna cumarsáide a éascú chomh mór agus is féidir. Áirítear gníomhaíochtaí a thagraíonn d'Fheasacht Teanga agus d'Fheasacht Chultúir.

Leantar an cur chuige seo tríd an treoirleabhar ar fad. Mar gur gné shuntasach anois é scannán den siollabas Béarla agus go mbaintear leas as chun teangacha comhaimseartha eile agus ealaíon a mhúineadh tá béim ar chomhtháthú scileanna.

Tá aonad bunaithe ar gach scannán. Aithnítear téamaí ón siollabas a chlúdaítear sa scannán chomh maith le heochairfhocail. Léiríonn deilbhíní iad seo a leanas:

- Fothéamaí comhchosúla i bprós nó i dtéacs filíochta ainmnithe
- Fothéamaí comhchosúla i scannán ainmnithe
- Feasacht teanga
- Obair i ngrúpa
- Obair i mbeirteanna
- Tasc Scríofa

Tá an leathanach deiridh den treoirleabhar bunaithe ar réimse tuairimí ar an nGaeilge. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint astu sin mar is cuí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Muiris Ó Laoire as a chuid moltaí. Tá buíochas freisin ag dul d'Ionaid Oideachais as a gcúnamh chun an Pacáiste Staidéir a dháileadh agus le déantóirí scannán agus craoltóirí a thug ráitis. Tá súil agam go mbainfidh tú tairbhe as an treoirleabhar seo mar acmhainn a bhfuil sult le baint as.

**Alicia McGivern**
Príomhoifigeach Oideachais, Institiúid Scannán na hÉireann

*'Faigheann tú níos mó eolais ar an spreacadh nua a bhaineann le cultúr agus psyche na hÉireann agus tú ag déanamh scannán trí Ghaeilge seachas trí Bhéarla.'*

**Robert Quinn, Stiúrthóir**

## An Leabhar



**Scríbhneoir** Darach Ó Scolaí
**Stiúrthóir** Robert Quinn
**Léiritheoir** Ciarán Ó Coffaigh
**Aisteoirí** Colm Ó Maonlaí, Peadar Ó Treasaigh, Bruno Balp

*Bímse buan ar buairt gach ló*

Tá canúint Chonamara ag Peadar Ó Treasaigh. (Seán)

### Téamaí

Cumainn agus clubanna
Saoirse agus cearta daonna
Cultúr na hÉireann

### Eochairfhocail

Feallmharfóirí, an rúndacht, fianaise

### Tascanna Réamhfhéachana

1 Cad atá i gceist le 'gallóglaigh'?
Déan cuardach ar an idirlíon.
Cén bhaint a bhí acu le stair na hÉireann?
An bhfuil an traidisiún seo i gcultúir eile?

2 Cad atá i gceist le feallmharú?
An bhfuil tú in ann daoine a feallmharaíodh a ainmniú?

3 Cén t-ainm atá ar an aisteoir sa ghrianghraf seo? An bhfaca tú é i mbun rólanna eile?

## Tascanna Iarfhéachana

### Tuiscint

Cuir iad seo a leanas in ord:

- ☐ Tagann Colm ar áitritheoirí agus iad dúnmharaithe in óstán i bPáras.
- ☐ Insíonn a léachtóir in Éirinn dó faoi na gallóglaidh agus scoil McLara
- ☐ Iarrtar ar Cholm a bheith ar dhuine de na feallmharfóirí
- ☐ Ceistíonn póilíní na Fraince é agus tagraíonn siad dá shinsear, Gallóglaigh McLara
- ☐ Gabhann póilíní é ach níl aon fhianaise acu
- ☐ Castar fear ar Cholm sa teach ósta agus faigheann sé amach faoi ghairm McLara.
- ☐ Tugtar leabhar McLara do Cholm chomh maith lena chéad jab.
- ☐ Feallmharaítear an Cairdinéal Mancini.

Cén fáth gur iarradh ar Cholm a bheith páirteach sa ghrúpa? Cad a chaithfidh sé a dhéanamh?

### Cumainn agus clubanna

Ba ghrúpa feallmharfóirí iad Gallóglaigh McLara a lean trí phrionsabal nó trí riail:

*Marú faoi rún*
*Éalú faoi rún*
*Maireachtáil faoi rún*

- An mbaineann tusa le haon ghrúpa? An bhfuil rialacha agus rialacháin ag an ngrúpa sin? Cad a cheapann tú de na cinn sin?
- I mbeirteanna déan plé ar na grúpaí difriúla a bhfuil eolas agat orthu.
- Cad iad na prionsabail a leanann formhór daoine?
- Cad é an prionsabal is tábhachtaí duitse? Déan comparáid le do chomharsa/pháirtí.

### Cearta Daonna

1 Féach ar an radharc ina mbuaileann Colm le Seán i dteach ósta Jack Ruby. Cé mhéad tagairtí d'fheallmharú gur léir duit sa radharc?

2 Cad a tharla don té a tháinig roimh Sheán?

3 Faigh amach cad a tharla do na daoine seo a leanas:
*John Lennon*
*Mahatma Ghandi*
*Archduke Franz Ferdinand of Austria*
*Martin Luther King*
*Tupac Shakur*
*Steve Biko*

4 An bhfuil eolas agat ar aon fheallmharú a tharla in Éirinn? Cén fáth ar dóigh leat gur maraíodh na daoine sin?

### Cultúr na hÉireann

1 Bíonn an t-amhrán *Peigín Leitir Móir* ar siúl nuair a dhúnmharaítear an Cairdinéal. Cén fáth gur roghnaigh an stiúrthóir an t-amhrán seo dar leat? Dá mbeadh tusa ag stiúradh an scannáin an roghnófá amhrán difriúil?

2 Léigh an rud a dúirt an stiúrthóir, Robert Quinn, thuas. Cad atá i gceist aige leis sin? Dá mbeadh tusa ag déanamh scannáin ar chultúr na hÉireann cad iad na gnéithe a bheadh san áireamh ann?



## Aqua



**Scríbhneoir** Edel O'Brien
**Stiúrthóir** Nina Fitzpatrick
**Léiritheoir** Cúán MacConghail
**Aisteoirí** Colm Lydon, Ann Learmont

*Yu Ming is ainm dom*
*An Cearrbhach Mac Cába*

Is canúint Dhun na nGall atá ag Ann Learmont

### Téamaí

Creideamh agus Eitic
Ceol agus amhrán traidisiúnta
Cultúr na hÉireann

### Eochairfhocail

Misteach, tobar naofa, piseoga, oilithreacht

### Tascanna réamhfhéachana

1 Cad is tobar naofa ann? Ar thug tú cuairt ar cheann riamh?

2 Cad is cultúr na hÉireann ann? Tabhair roinnt samplaí. An bhfuil cultúr na hÉireann thar lear mar a chéile le cultúr na hÉireann anseo?

## Tascanna Iarfhéachana

### Tuiscint

Tá plean ag Laura agus ag Nick chun airgead a shaothrú.

- Cad é an plean?
- Cad a dhéanann siad?
- Cad atá mícheart leis an téip?
- Cad a shocraíonn said a dhéanamh faoi?
- An n-éiríonn lena bplean? Conas atá a fhios agat sin?
- Cad a tharlaíonn dóibh ag an deireadh?

Ról-Imirt: Cuireann iriseoir ón bpáipéar nuachta agallamh ar Nick agus Laura. Déan ról-imirt ar an agallamh. Tabharfaidh na ceisteanna thíos ar chlé smaointe duit.

### Ceol agus Cultúr

1 Déan cur síos ar an gceol atá le cloisteáil sa scannán: an bhfuil sé reiligiúnda? Traidisiúnta? Cén fáth gur roghnaíodh é dar leat?

Déan cur síos ar fhuaim an uisce: An gcuirfeadh sé isteach ort nó an gcuirfeadh sé ar do shuaimhneas tú?

Cén cineál ceoil a n-éistíonn tusa leis chun tú a chur ar do shuaimhneas?

2 Tugann Nick '*Riversounds Incorporated*' ar an ngnó. Cad dó a bhfuil sé ag tagairt? Cén fáth an dóigh leat go ndíolfadh a CD le Gaeil-Mheiriceánaigh? Cén íomhá d'Éirinn a léiríonn sé? Cén fáth, an dóigh leat, gur maith le daoine na híomhánna sin? An maith leatsa iad?

### Creideamh in Éirinn

1a Féach arís ar an radharc ina bhfuil Nick ag taifeadadh na habhann. Cad atá le feiceáil ar an gcarraig laistiar de? Cén chiall atá leo sin?

1b Ina leabhar, *Anam Cara,* deir an file agus an scoláire John O'Donohue gur áiteanna naofa ab ea toibreacha sa saol Ceilteach ina raibh cineálacha éagsúla leighis ag baint leo.

Faigh amach faoi thoibreacha beannaithe eile in Éirinn nó áiteanna oilithreachta. An bhfuil aon cheann cóngarach duitse? Cad is dóigh leat faoi na háiteanna sin? Cén fáth a dtugann daoine cuairt orthu i gcónaí?

2 'Níor chóir dúinn a bheith ag pleidhcíocht lena leithéid seo de rud.' – *Nick*

'Tá deireadh an domhain ag teacht, ar scor ar bith' – *Laura*

Ta tuairimí éagsula ag Laura agus Nick faoin domhan eile. Cad é do thuairimse?

3 'This is my church..God is a DJ'
Tugann an t-amhrán sin leis an ngrúpa Faithless le fios gur mó tairbhe a bhaineann daoine óga an lae inniu as dul chuig club nó coirmcheoil ná dul chuig an aifreann.

Cén tábhacht atá le reiligiún d'aos óg na hÉireann sa lá atá inniu? Pléigh i ngrúpaí.

# Cáca Milis



**Scríbhneoir**
Brian Lynch
**Stiúrthóir**
Jennifer Keegan
**Léiritheoir**
Brian Willis
**Aisteoirí**
Brendan Gleeson
Charlotte Bradley

*Lá Buí Bealtaine*

**Téamaí**

Tréithe an duine
Claondearcadh
Cearta daonna

**Eochairfhocail**

Daille, ceartpholaitíocht, íobartach, míchumas

**Tasc Réamhfhéachana**

Cén t-ainm atá ar an aisteoir seo?
An bhfuil tú in ann scannáin eile a raibh sé iontu a ainmniú?
Ón bpictiúr, cad atá tú in ann a insint faoina ról seo?

## Tascanna Iarfhéachana

**Tuiscint**

Nuair a shuíonn Paul síos os comhair Catherine ar an traein, cad a dhéanann sí?

| | *Fíor* | *Bréagach* |
|---|---|---|
| Athraíonn sí as an suíochán | ☐ | ☐ |
| Insíonn sí dó cén dath atá ar a chāca | ☐ | ☐ |
| Ordaíonn sí caifé dó | ☐ | ☐ |
| Insíonn dó cad atá lasmuigh dá fhuinneog | ☐ | ☐ |
| Goideann sí a chuid siúcra | ☐ | ☐ |
| Teannann sí a analóir anonn uaidh | ☐ | ☐ |

**Tréithe daoine**

1 Cén cineál duine í Catherine? Roghnaigh ón liosta seo a leanas agus tabhair míniú le do thoil:

Bean … is ea í mar …

Leithleasach
Lách
Díobhálach
Rómánsúil
Urchóideach
Díomách



Cén cineál duine é Paul? Roghnaigh ón liosta seo a leanas agus tabhair míniú le do thoil:

Fear … is ea é mar …

Bearránach
Gan gus
Lách
Fiosrach
Mímhúinte
Ionramhálach
Neamhurchóideach

2 '*Mealltar an lucht féachana chun trua a bheith acu don dá charachtar agus ag an am céanna is beag trua a bhíonn acu dóibh.'* – Jennifer Keegan, Stiúrthóir

An mbíonn trua agat do Catherine? Paul? Do cheachtar acu? Pléigh i ngrúpaí.

Ról-Imirt: Nuair a théann Catherine abhaile an tráthnóna sin, cad a deireann sí lena teaghlach?

**Cearta daonna**

1 Cad a cheap tú den chríoch a bhí leis an scannán? Ar chuir sé ionadh ort? Ar bhain sé geit asat?

Dá mbeadh tú in ann críoch eile a chur leis tú féin cén críoch a bheadh leis?

Bhí an stiúrthóir ag iarraidh daoine a chur ag smaoineamh faoin gcríoch agus ceist a chur orthu féin "An mbeinnse in ann rud éigin mar sin a dhéanamh?"
Dá mbeadh tusa sa bhád céanna le Catherine, cad a dhéanfá?

2 Bhí an stiúrthóir ag iarraidh dúshlán a thabairt do cheart-pholaitíocht agus léiriú a thabhairt ar an saol mar atá sé.

An bhfuil eolas agat ar scannáin eile a thugann dúshlán do cheartpholaitíocht? Smaoinigh.

- Déan comparáid idir na téamaí sna scannáin seo. An ionann iad ar bhealach ar bith? Cén fáth, an dóigh leat, go ndearna na stiúrthóirí na scannáin sin?

**Míchumas**

Tá os cionn 7000 duine cláraithe leis an NCBI[1] ach is dóigh go bhfuil suas le 63,000 duine a bhfuil cailliúint amharc súl ag dul dóibh agus nach bhfuil ag lorg tacaíochta.

- An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhfuil lagú amharc nó asthma ag dul dó?
- An dóigh leat go mbíonn rochtain ag daoine atá faoi mhíchumas ar iompar poiblí? Más dóigh leat nach mbíonn mol bealaí inar féidir iompar poiblí a dhéanamh níos inrochtaine.
- An dóigh leat gur faoi dhaille an scannán?

[1] Ón website National Council for the Blind of Ireland, www.ncbi.ie



*'Sin é an rud is fearr faoi scannán, is féidir le gach duine brí éagsúil a bhaint as.'* – Bríd Ní Neachtáin

# Clare sa Spéir



**Scríbhneoir/ Stiúrthóir**
Audrey O'Reilly
**Léiritheoir**
Donna Eperon
**Aisteoirí**
Sean McGinley
Bríd Ní Neachtáin

*An Bhean Óg*

**Téamaí**

An teaghlach inniu
Caitheamh aimsire
An grá
Cearta na mBan

**Eochairfhocail**

Curiarracht a dhéanamh, gnéaschothromaíocht, cairdeas;

**Tasc réamhfhéachana**

1 Is scannán é *Clare sa Spéir* faoi shaol teaghlaigh sa lá atá inniu ann. An bhfaca tú aon scannáin eile ar an ábhar seo? An bhfuil téamaí cómónta acu?

2 Cad a chuireann an teideal *Clare sa Spéir* in iúl duitse?

## Tascanna Iarfhéachana

**Tuiscint**

Ar thaitin nó nár thaitin an scannán leat? Cén fáth?
An bhfuil sé cosúil le haon cheann de na scannáin eile a pléadh?

Seo a leanas na príomhimeachtaí sa scéal. Cuir in ord iad agus déan comparáid idir freagraí:

☐ Cuireann Eoin teilifís isteach
☐ Téann Clare suas crann chun curiarracht a bhaint amach
☐ Cuireann fir sa teach ósta geallta ar churiarracht Clare
☐ Bíonn ar Eoin an dinnéar a réiteach
☐ Bíonn Clare míshásta
☐ Téann na leanaí chomh fada léi sa chrann
☐ Léimeann Clare anuas
☐ Clúdaíonn Eoin an teach crainn ón mbáisteach

**Caitheamh Aimsire**

Cad é an caitheamh aimsire is fearr le Clare? Cad a dhéanann sí sa teach crainn ina áit?

Cad is maith leatsa a dhéanamh nuair a bhíonn am saor agat? Cén caitheamh aimsire a mbeadh deacrachtaí agat éirí as? Cén fáth?

**Mothúcháin, tréithe daoine**

'Bhí Clare tinn tuirseach den ról a bhí aici sa teaghlach. Bhraith sí nach raibh aon chumarsáid idir í féin agus a fear céile. Ní raibh aon rud ag teastáil ó na gasúir ach a gcuid béilte a bheith réitithe dóibh.' –*Bríd Ní Neachtáin* (Clare)

Léigh an abairt thuas agus déan cur síos ar thréithe Clare mar:

Mháthair
Bhean Chéile
Chomharsa

Déan cur síos ar Eoin mar :

Fhear Céile
Athair
Chomharsa

**An teaghlach**

Tá teaghlach Clare cosúil le teaghlach teilifíse eile an-cháiliúil – na Simpsons

Déan liosta de na carachtair sa teaghlach sin agus déan comparáid idir iad agus teaghlach Clare.

An bhfuil cosúlachtaí/difríochtaí eatarthu? Cén teaghlach is fearr leat?

**Caidreamh**



Meabhraíonn Clare do Eoin gur thit sé i ngrá léi mar go raibh sí craiceáilte. An sin cúis mhaith chun titim i ngrá, dar leat?

Cad iad na tréithe, dar leat, atá tábhachtach a bheith ag do chailín/do bhuachaill?

Sa chlár TG4, *Cleamhnas,* socraíonn duine den teaghlach dáta dá mac/iníon. Samhlaigh do theaghlach nó do chairde ag socrú dáta duitse. Cén cineál duine a roghnódh siad duit? An n-aontódh tú lena rogha?

**Cearta na mBan**

'*Caithfidh mise é a dhéanamh mar gheall gur cailín mé*' – Lisa.

Cén uair a deir Lisa é sin? Cén bhrí atá leis? Cad is dóigh leat faoi sin?

Cé a dhéanann formhór den obair tí sa bhaile? Cad iad na tascanna a dhéanann sé/sí?

I mbeirteanna, déan plé ar obair tí sa bhaile

**Díospóireacht**: 'Oireann sé níos fearr na mná an obair tí a dhéanamh agus do na fir tacaíocht a thabhairt don teaghlach.'

**Duine ar Leith; An Ghaeilge**



*'Cé go bhfuil an scannán suite i gcrann is scéal domhanda tábhachtach é. Creidim go láidir má bhíonn meas ag an duine féin air féin go mbeidh tionchar dearfach aige sin orthu sin atá timpeall air agus ar an domhan mór….*

*Shocraigh mé an scannán seo a dhéanamh i nGaeilge ar dtús mar gur thug sé deis dom leas a bhaint as deontas gearrscannán Oscailt. Nuair a haistríodh an script, áfach, thuig mé ansin gur oir ceol na teanga nádúr an scéil'.* – Scríbhneoir agus Stiúrthóir, Audrey O'Reilly

1 Léigh focail an stiúrthóra. Cad é tuairim sise ar an scéal? An dóigh leat gur léiriú é agóid Clare ar an tuairim sin? Conas?

2 An rachadh tusa ag agóideacht faoi aon rud? I ngrúpaí déan liosta de na cinéail ábhar a dtéann daoine ag agóideacht fúthu sa lá atá inniu ann. Labhair ar an tionchar a bhíonn acu.

3 Cén fáth gur shocraigh an stiúrthóir an scannán a dhéanamh trí Ghaeilge? Cad a d'fhoghlaim sí?

Féach ar an radharc ina mbíonn Eoin ag féachaint amach an fhuinneog ar Clare sa bháisteach. Cad a deir sé? Conas a aistrítear é sin? Cén fhoclaíocht is fearr leat? Tar ar aistriúcháin eile a thagann le tuairim an stiúrthóra.

*'Dá mbeadh a fhios agam sa scoil go mbeinn ag stiúradh gearrscannán i nGaeilge thabharfainn i bhfad níos mó airde sa rang!'*– Audrey O Reilly

*' Ba mhaith liom go dtiocfadh sé sa saol go mbeadh scannán Gaeilge ar cheann de na príomhiomaitheoirí don Scannán Eachtrannach is fearr ag na Oscars.'* –

**Don Wycherley,** Scríbhneoir agus aisteoir

## Filleann an Feall



**Scríbhneoir**
Don Wycherley
**Stiúrthóir**
Frankie McCafferty
**Aisteoirí**
Cillian Murphy
Don Wycherley
Áine Ní Mhuirlí

Iníon an Fhiaclóra, Tubberware

Coileach Ghleann Phádraig

**Téamaí**

An tuath agus an chathair
An Ghaeilge
Buanna agus lochtanna an duine

**Eochairfhocail**

Seanfhocal, gnáthíomha de mhuintir na tuaithe, leataobh, amhrasach

**Tascanna Réamhfhéachana**

1 Cad is seanfhocal ann? An bhfuil aon cheann ar eolas agat? Cad a thuigeann tú leis an seanfhocal 'filleann an feall'?

2 Féach ar an ngrianghraf seo. Cad is ainm don aisteoir ar chlé? Cad iad na scannáin a raibh sé páirteach ann?

### Tascanna Iarfhéachana

**Tuiscint**

Cén fáth a dtéann Seán agus Ger amach faoin tír?

- Ar laethanta saoire ☐
- Chun cuairt a thabhairt ar chara ☐
- Chun poitín a fháil ☐
- Chun airgead a thabhairt do Sonny ☐
- Chun Lotto a imirt ☐

**An Ghaeilge**

Don Wycherley (Seán) '*Mar dhuine a bhfuil meas mór agam ar an teanga theastaigh uaim í a chleachtadh leis an script- thug sé an deis dom mo chuid gramadaí a chleachtadh agus gnéithe di a mbíodh an ghráin agam orthu a cheartú, séimhiú mar shampla.'*

1a An cuimhin leat mar a cheartaíonn Seán Ger?

Cad is dóigh leat faoi dhuine a bheith do do cheartú agus tú ag foghlaim teanga?

An bhfuil gné den Ghaeilge nach maith leat?

1b Seo abairt eile as an scannán:

Seán: '*Mura bhfuilim in ann caint as Gaeilge le mo dhuine, ní thabharfaidh sé an poitín dúinn'.*

Cleachtaigh na habairtí seo thíos i mbeirteanna. Ceartaigh a chéile. An gcuidíonn sé nó nach gcuidíonn sé duine a bheith do do cheartú an dóigh leat?

Tiomáin – bí ann in am
Íoc – faigh bia
Stop a bháisteach – téigh ar saoire

2 Baineann Seán leas as roinnt seanfhocal sa scannán mar shampla: 'is buíoch le bocht an beagán'.

Cén bhrí atá leis sin? Cén uair a bhaineann Seán leas as? An dóigh leat go bhfuil formhór na seanfhocal fíor? Conas mar a bhaineann teideal an scannáin leis an scéal?

**Buanna agus lochtanna an duine**

Buaileann Seán agus Ger le roinnt daoine éagsúla ar a n-aistear. As an liosta aidiachtaí thíos roghnaigh na cinn a dhéanann cur síos ar:

**a** Daoine ón nGaeltacht **b** Daoine ón gcathair

cairdiúil, aisteach, cam, salach, drochmheasúil, díoltasach, brabúsach, crúalach, piseogach, eile

**An tuath agus an chathair**

*Ní maith liom an áit seo - Seán*

Féach ar an radharc ar leataobh an bhóthair. Déan cur síos ar an atmaisféar. Conas a chruthaíonn an déantóir scannán é seo? Cén fáth nach maith le Seán é? An bhfuil sé ag tarlú nó ar ionann go bhfuil Seán á shamhlú?

Cárbh as tú? Cad is dóigh leat faoin mbealach a léirítear muintir na tuaithe sa scannán?

## Iníon an Fhiaclóra



**Scríbhneoir/Stiúrthóir**
Jacqueline O'Neill
**Léiritheoir**
Edwina Forkin
**Aisteoirí**
Micheál Ó Súilleabháin
Alan Leech
Natasha McGarvey

Filleann an Feall, Tubberware

Níl aon Ní

Gealt

**Téamaí**

Áit chónaithe – an tuath agus an chathair
Faisean & Caitheamh Aimsire
An Ghaeltacht
Tréithe Daoine

**Eochairfhocail**

Truailliú, coir, mac, iníon, leas-mhac, brú ó chairde

**Tascanna Réamhfhéachana**

An raibh tú sa Ghaeltacht riamh? Ar thaitin nó nár thaitin sé leat? Cén fáth?

Seo scéal faoi theaghlach as Baile Átha Cliath atá ag bogadh go ceantar Gaeltachta le cónaí ann.

Conas, is dóigh leat, a mbeidh sé difriúil dóibh?

Déan liosta de na difríochtaí ar fad a d'fhéadfadh a bheith ann.

Cárbh as tusa? An fearr leat a bheith i do chónaí sa chathair nó faoin tír?

### Tascanna Iarfhéachana

1 ***An tuath agus an chathair***

'táimid sa Ghaeltacht anois…'
'Slán le coiriúlacht agus le truailliú
Ár nglasraí féin agus ár móin féin
Agus cairde nua'

Leis sin atá tuismitheoirí Rory ag súil ó shaol na Gaeltachta. An bhfuil cosúlachtaí aige leis an liosta a rinne tú sular fhéach tú ar an scannán?

Cad leis a bhfuil Rory ag súil?

Léirigh an chodarsnacht idir an saol a raibh siad ag siúl leis agus an saol a bhí ann. Smaoinigh ar: cairdeas, coir, caitheamh aimsire, faisean, slite beatha, slándáil phearsanta;

2 ***Tréithe daoine***

As an liosta aidiachtaí thíos roghnaigh na cinn a dhéanann cur síos ar (a) Cuinn (b) Genie (c) Diarmuid agus a chairde (d) fear leis an jackhammer (e) Rory (f) teaghlach Rory

Amhrasach, olc, cairdiúil, éasca tionchar a imirt air/uirthi, dóchasach, neamh-chairdiúil, urchóideach, soineanta, drocharaíonach, uaigneach, ag lorg cumhachta, álainn;

Cén gnáthphictiúr atá agat de mhuintir na tíre sa scannán?

3 ***An Ghaeltacht***

Cad is Gaeltacht ann? Cá bhfuil na Gaeltachtaí?

Léirigh staidéar do Nuacht TG4 le gairid nach labhrann suas le 70% den phobal i roinnt ceantair Ghaeltachta Gaeilge ar bhonn laethúil.

Cad is dóigh leat faoi sin?

An dóigh leat go bhfuil na Gaeltachtaí tábhachtach?

An bhfuil eolas agat ar aon cheann de na canúintí as na Gaeltachtaí éagsúla?

Ar cheart don Rialtas daoine sna ceantair Ghaeltachta a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt? Conas?

I ngrúpaí déan liosta de na cúiseanna ar son na hargóna seo nó ina haghaidh. Déan cur i láthair don rang.

Litir

'*Cainteoirí Gaeilge amháin a mbeidh cead acu céatadán ar leith de na hárasáin nua i mBaile an Spidéil a cheannach nó a fháil ar cíos.'* – i mBéarla, Irish Times, 12ú Iúil 2004

Cad is dóigh leat faoin gcinneadh seo?

Scríobh litir chuig an eagarthóir ag tabhairt do thuairime faoi.

# Lipservice



**Scríbhneoir/Stiúrthóir**
Paul Mercier
**Léiritheoir**
Fiach MacConghail
**Aisteoirí**
Sean McGinley
Barry Ward
Joan Sheehy
Bríd Ní Neachtáin

Yu Ming is ainm dom

### Téamaí

Scrúduithe
An Ghaeilge timpeall orainn
Ábhair scoile
Na mothúcháin phearsanta

### Eochairfhocail

Brú, foghlaim de ghlanmheabhair, béalchráifeacht, éigeantach, scrúdú cainte

### Tascanna Réamhfhéachana

Conas mar a mhothaíonn tú faoi scrúduithe scoile?
Conas a ullmhaíonn tú dóibh?
Ar thug tú faoi bhéaltrial riamh?
Cad a thuigeann tú leis an bhfocal 'lipservice'?

## Tascanna Iarfhéachana

### Na mothúcháin phearsanta

Conas mar a mhothaíonn daoine éagsúla sa scannán faoin scrúdú cainte Gaeilge?

Roghnaigh ón liosta aidiachtaí thíos agus déan cur síos conas mar a mhothaíonn siad seo a leanas roimh an scrúdú agus ina dhiaidh:

**a** na daltaí
**b** na múinteoirí
**c** an cigire

Neirbhíseach, in ísle brí, olc, trína chéile, spreagtha, muiníneach, ar a suimhneas, dóchasach, imníoch, tuirseach, fuascailt, ródhíograsach.

Cé acu de na carachtair is mó a athraíonn? Conas?

### Ábhair Scoile

De réir na Roinne Oideachais ní mór do gach dalta 5 ábhar a dhéanamh don Ardteistiméireacht, Gaeilge agus dhá phéire eile.

An smaoineamh maith é sin?

Cén fáth an bhfuil an Ghaeilge éigeantach? Cad iad na hábhair nach ndéanfá staidéar orthu?

Cad a cheapann tú faoin nGaeilge a bheith mar ábhar éigeantach. An dóigh leat go gcabhraíonn sé leis an teanga? Cén fáth?

An mian leat go mbeadh aon ábhair eile éigeantach san Ardteistiméireacht? Cén fáth?

### Scrúduithe

Cad is dóigh leat faoi stíl an scrúdú cainte?

Conas mar a léirítear é sa scannán seo?

Cén cineál scrúdaithe a bheadh níos fearr?

I ngrúpaí, leag amach bealach measúnachta don Ghaeilge. Cuir é sin i láthair do mhúinteora agus daoine eile i do rang. Mínigh cén fáth gur dóigh leat go mbeadh sé níos fearr.

### An Ghaeilge timpeall orainn.

*'Tá Lipservice bunaithe ar chúrsaí mar atá siad inár gcuid scoileanna. Bainfidh an scannán croitheadh as an gcóras oideachais a ghlacann leis go mbaineann an Ghaeilge linn ar fad. Is teachtaireacht é seo ó na daltaí agus na múinteoirí atá ag snámh in aghaidh easa.'* – stiúrthóir, *Paul Mercier*

Cad a cheapann an stiúrthóir maidir le Gaeilge a fhoghlaim sa scoil?

An n-aontaíonn tú leis?

An gceapann tú gur léiriú é an scannán ar mheon daltaí agus múinteoirí?

Scríobh freagra ón rang ar an scannán agus ar smaointe na ranga chuig Paul Mercier.

# Tubberware



**Scríbhneoir/ Stiúrthóir**
Paul Mercier
**Léiritheoirí**
Fiach MacConghail
Cúán MacConghail
**Aisteoirí**
Liam Carney
David Herlihy
Dawn Bradfield
Cathy Belton

Aqua, Lipservice
Jack

### Téamaí

An Ghaeltacht
Turasóireacht
Cultúr na hÉireann
An dátheangachas

### Eochairfhocail

Toibreacha, pisreog, logainm.

### Tascanna Réamhfhéachana.

Is ainm baile é teideal an scannáin, Tubberware. Cén chiall atá leis an dóigh leat?

Cén t-ainm atá ar do bhaile? An bhfuil a fhios agat cá as ar tháinig an t-ainm seo?

Faigh amach bunús na n-ainmneacha seo:

An tArd Mór, Béal Feirste, Carraig Mhachaire Rois, An Caiseal, Béal Átha Seanaidh, Trá Lí, Cluain Meala, Cill Dara.

## Tasc Iarfhéachana

### An Ghaeltacht, turasóireacht

Cén bunús atá le hainm an bhaile?

Sa scannán, tugann go leor daoine cuairt ar an tobar ar chúiseanna éagsúla. Meaitseáil na daoine leis an gcúis a ndearna siad an chuairt:

| | |
|---|---|
| Daoine áitiúla | grianghraf |
| Fear le péint | ag lorg garáiste |
| Rothaithe ón bhFrainc | pisreoga |
| Lánúin as Gaillimh | ag tabhairt uisce ón tobar |
| Turasóirí as an nGearmáin | scannánaíocht ar radharc dúnmharaithe |
| Daltaí Gaeltachta | ag scriosadh Béarla le péint |
| Aindíograiseoirí Gaeilge | ag tarraingt cairr |
| Imirceach | ag réiteach bóthair |
| Meicneoir Garáiste | seisiún amhránaíochta |

| | |
|---|---|
| Banríon Fhéile Tubberware | turas litearthachta |
| Criú Scannáin | turas rothaíochta figiúr a hocht |
| Criú Bóthair | searmanas ag an tobar |
| Leanaí | ag ceannach talún |

Cén grúpa ar tábhachtaí leo an tobar?

Déan ról-imirt ar agallamh idir páipéar nuachta áitiúil agus ceann de na grúpaí ag miniú thábhacht an tobair.

Cén fáth, an dóigh leat gur roghnaigh an déantóir scannán Paul Mercier an t-ainm 'Tubberware' don bhaile?

### Logainmeacha na nGaeltachtaí

Nuacht TG4     1 Iúil 2004

'Is gearr go meidh logainmeacha ar fad sna Gaeltachtaí i nGaeilge amháin, ar chomharthaí bóthair agus i ngach tagairt oifigiúil eile. Sheol an tAire Éamon Ó Cuív dréacht inniu den liosta logainmeacha oifigiúla do cheantair Ghaeltachta'.

1 Cad atá socraithe ag Éamon Ó Cuív?
2 An dóigh leat gur smaoineamh maith é? Cén fáth?
3 Cé air is mó a mbeidh tionchar ag na hathruithe seo orthu?
4 I ndiaidh an scannán a fheiceáil agus é seo a léamh, cad é do thuairim ar chomharthaí dhátheangacha?

### Cultúr na hÉireann

**a** Tá tuiscintí éagsúla ar chultúr na hÉireann ag na grúpaí a thugann cuairt ar an tobar.

Cad is brí le cultúr na hÉireann duitse? An raibh tú riamh sa Ghaeltacht? Ar thug tú cuairt riamh ar thobar beannaithe? An bhfuil tú ábalta uirlis thraidisiúnta a chasadh? Pléigh i mbeirteanna.

Cé atá ag caomhnú Chultúr na hÉireann inniu?
Faigh amach ó na láithreáin ghréasáin cad a dhéanann na heagraíochtaí seo a leanas:

Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Gael-Linn, Údaras na Gaeltachta.

**b** An dóigh leat go bhfuil críoch dhearfach nó dhiúltach leis an scannán? Cén fáth?

**c** '*Tá Tubberware agus Lipservice ar phéire de cheithre ghearrscannán ar an nGaeilge. Is é an aidhm atá leo ná na ceithre scannán a thaispeáint le chéile chun léargas a thabhairt ar an nGaeilge sa lá atá inniu ann.' – Paul Mercier.*

Cad a cheapann tú faoin ráiteas thuas faoin teanga ó Paul Mercier?

## Yu Ming is ainm dom



**Scríbhneoir/Stiúrthóir**
Daniel O'Hara
**Léiritheoirí**
Gráinne O'Carroll
Ingrid Goodwin
**Aisteoirí**
Daniel Wu
Frank Kelly

### Téamaí

An Ghaeilge timpeall orainn
An Ghaeilge thar lear
Taisteal agus Teangacha

### Eochairfhocail

An tSín, thar sáile, míthuiscint, réamhchlaonadh, ilchultúrachas

### Tascanna réamhfhéachana

Tá os cionn 20,000 mac léinn as an tSín ina gcónaí in Éirinn. Cad iad na deacrachtaí an dóigh leat a bheadh acu?

Déan comparáid idir Éirinn agus an tSín faoi na ceannteidil seo a leanas:

Daonra
Príomhchathracha
Eacnamaíocht
Teanga
Cultúr
Oideachas

Bhí Daniel Wu, arb é Yu Ming sa scannán é, 9 mbliana d'aois nuair a tháinig sé chun cónaí in Éirinn. Ba í an tSínis a chéad teanga agus bhí an-deacrachtaí aige Gaeilge a fhoghlaim. Creideann seisean, áfach, go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach agus gurb í a dhéanann áit ar leith d'Éirinn i súile an domhain.

## Tascanna Iarfhéachana

### An Ghaeilge

**a** Cad leis a bhí Yu Ming ag súil nuair a tháinig sé go hÉirinn? Cad a bhí roimhe nuair a tháinig sé?

Glaonn Yu Ming ar chara leis i ndiaidh a chéad chúpla lá. Déan ról-imirt ar an gcomhrá le do chomharsa/pháirtí. Cén cheist a chuireann a chara air?

Cad a deir Yu Ming faoin teanga, na daoine, na háiteanna, faoin mbia?

Malartaigh ról agus déan ról-imirt ar chomhrá eile mí ina dhiaidh sin. Ar athraigh Yu Ming a intinn? Cén fáth?



**b** Nuair a bhí Yu Ming ag ullmhú chun cuairt a thabhairt ar Éirinn, rinne sé roinnt taighde. Féach ar na habairtí thíos:

1 'Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.

Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile'.– *Bunreacht na hÉireann*

2 '*Labhartar Béarla anseo*' *– fear sa teach ósta*

Léirigh an chodarsnacht idir Bunreacht na hÉireann agus focail an fhir sa teach ósta.

### Taisteal agus Teangacha

An labhrann tú aon teangacha eile? Ar thaistil tú chuig tír nach raibh tú in ann tú féin a chur in iúl inti?

Léigh focail Daniel O'Hara, an scríbhneoir agus an stiúrthóir:

*'Má bhíonn tú ag taisteal na Gearmáine nó na Spáinne agus mura dtuigeann tú biachlár nó comhartha bóthair níl ort ach féachaint san fhoclóir. Nuair a bhí mise sa tSeapáin le linn Chorn Domhanda 2002 ní raibh mé in ann na focail féin fiú a léamh. Mhothaigh mé an-mhíchompordach. Tá líon mór daoine anois ina gcónaí in Éirinn nach Éireannaigh iad sa chiall traidisiúnta agus tá gach ceart acusan a bheith compordach ina gcultúr agus tá teanga mar chuid de sin'.*

Cá bhfuair an stiúrthóir a smaointe don scannán?

Cad iad na bacanna atá ann a chuireann cosc ar dhaoine ó thíortha eile a bheith páirteach go hiomlán i gcultúr na hÉireann?

Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh go mbeadh teacht ar chultúir éagsúla?



# Ráitis

'Níor cheap mé riamh go bhfaighinn an deis leas a bhaint as mo chuid Gaeilge os comhair an cheamara agus níor cheap mé go deo go mbainfinn leas as mo theanga féin ar fud an domhain agus mé os comhair an cheamara. Níl bealach níos fearr chun labhairt ar fud an domhain ná i do theanga féin! Tá cúpla focal ag gach duine, tá Gaeilge ag a lán daoine agus tá a fhios agam go bhfuil sí níos láidre, agus tá níos mo suilt le baint aisti ná a bhí riamh !!!! Meas Mór !!!' *Hector Ó hEochagáin, craoltóir, láithreoir do TG4.*

'Gan scannáin inár dteanga dhúchais, is boichte de muid ar fad. Nach breá an rud é gur féidir sásamh a bhaint as na scannáin (agus cinn a scanraímid freisin) inár dteanga féin. Tá súil agam go dtabharfaidh sé ugach do dhaoine óga ó thaobh scannánaíocht Ghaeilge amach anseo.' *Leila Doolan, saor-chriticeoir, léiritheoir scannán agus múinteoir páirtaimseartha.*

'Cheapfainn féin go dtagann go leor den drochphoiblíocht faoin nGaeilge ó dhaoine nach labhrann nó nach dtuigeann an teanga ar chor ar bith. Ach déanann daoine a cheapann go bhfuil siad ag cur na Gaeilge chun cinn damáiste, nuair a dhéanann siad uirlis pholaitíochta di. – Gheobhaidh duine an ghráin ar aon rud a bhrúitear siar ina scornach!

Labhraim Gaeilge agus Béarla chuile lá, agus níl comparáid dá laghad eatarthu, is cuma más ag iarraidh píosa spraoi a bheith agat nó ag iarraidh achrann a tharraingt atá tú!

Is cuimhin liom an t-iontas a bhí ar iriseoir nuachtáin amháin i ndiaidh láinseáil TnaG, (mar a bhí air ag an am) i 1996. "Young women in short skirts speaking Irish, did we ever think we'd see the day?" a scríobh sé.

D'fheicfeadh, a cheap mé féin, agus fir óga freisin, dhá bhfágfá d'oifig i lár Bhaile Átha Cliath!' *Gráinne Seoige, iriseoir agus craoltóir.*

'Ag am a bhfuil an teanga féin ag dul i léig, tá sí ag baint tairbhe as teicneolaíochtaí nua agus as na meáin agus tá sé sin ann féin ag muscailt suime sa Ghaeilge i measc glúin nua.' – *Is scríbhneoir agus stiúrthóir é Robert Quinn* (An Leabhar). *Tá a scannán faisnéise, Cinegael Paradiso, bunaithe ar cinema neamhspleách a bhunaigh a athair, an déantóir scannán Bob Quinn i gConamara sna seachtóidí.*

'Gaeilge le buzz - is annamh a leithéid mar chuid den scoilbhliain de ghnáth - ach sin díreach atá á chur ar fáil leis na "Gearrscannáin Ghaeilge" don scoláire agus don mhúinteoir araon. Áis thar a bheith luachmhar - ár mbuíochas libh uilig a lucht a reachtála agus a scannánóirí dhil.' *Reuben Ó Conluain, Múinteoir Gaeilge, déagóirí agus daoine fásta*

1 Léigh na ráitis thuas. I ngrúpaí roghnaigh agus déan achoimre ar cad a deir an cainteoir faoi (i) an Ghaeilge; (ii) scannánaíocht nó teilifís i nGaeilge;

2 Faigh amach faoi scéimeanna scannánaíochta Oscailte agus Lasair. An dóigh leat go gcuireann siad leis an teanga?

3 Léigh ráiteas Ghráinne Seoige ar oscailt TG4. Cad a deir sí faoin gcainéal? Cad is dóigh leat maidir lena gcur chuige?

4 Féach ar sceideal TG4. (féach ar laithreán gréasáin www.tg4.ie) Cé air a bhfuil cláir dírithe? Cé acu de ná cláir a bhféachann tú orthu?

6 Cén cineál clár a tharraingeodh lucht féachana de do chomhaois an dóigh leat?

7 Mar dhalta Gaeilge cad é an buntáiste an dóigh leat a bhaineann le scannáin a dhéanamh trí Ghaeilge nó teilifís trí Ghaeilge?

8 Ábhair Thaighde:
a Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
b An feachtas chun aitheantas a bhaint amach don Ghaeilge san Eoraip mar theanga oifigiúil.
Cén tionchar a bheidh acu sin ar an teanga an dóigh leat? Conas mar a d'fhéadfadh scannánaíocht Ghaeilge nó craoladh i nGaeilge tacú leis na hathruithe sin?

# Gearrscannáin

TreoirLeabhar Staidéir

**Scríofa ag Alicia McGivern**

Léirithe ag Bord Scannán na hÉireann agus TG4 i gcomhar le hInstitiúd Scannán na hÉireann (IFI).

*Buíochas speisialta le:*
John Kelleher, Dr. Muiris Ó Laoire (NCCA), Anne Looney (NCCA), Ian MacDougald, Stiúrthóirí, Léiritheoirí agus Scríbhneoirí na scannáin atá ar an DVD.

Dearadh le Kevin Boyle
Dearadh an chlúdaigh le A&D
Dearadh an DVD le Ian MacDougald

Dáilithe ag na hIonaid Oideachas

The short films on the DVD have been deemed suitable for a senior cycle school audience./Tá gearrscannáin an DVD feiliúnach do dháltaí scoile sinsireacha.

***However some films may contain images of a violent nature or bad language.* We strongly advise teachers to watch these films prior to showing them to students./D'fhéadfaí go bhfuil íomhánna foréigneacha agus eascainí i gcuid do na scannáin seo. Moltar go láidir do mhúinteoirí féachaint ar na scannáinuilig sula dtaispeánfaí do dhaltaí iad.**

These films are to be used for educational purposes only. They qualify as exempted works under Section 1 of the Video Recordings Act 1989./Tá feidhm oideachasúil amháin le baint as na scannáin seo. Tá an t-ábhar saor ó Alt 1 do Acht Taifeada Físe 1989.

*Roghnaigh na daoine seo ar leanas gearrscannáin an DVD: Dr. Muiris Ó Laoire (NCCA), Eibhlín Ní Scannláin (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ Department of Education and Science), Alicia McGivern (IFI), Louise Ryan (BSÉ/IFB) agus Proinsias Ní Ghrainne (TG4).*

*Funded by* Bord Scannán na hÉireann The Irish Film Board TG4 *in assocation with* IFI Irish Film Institute

Funded by the Irish Government and part-financed by the European Union under the National Development Plan, 2000-2006

Bord Scannán na hÉireann/the Irish Film Board
Rockfort House St. Augustine Street Galway Ireland
Tel + 353 91 561398 Fax +353 91 561405
Email info@filmboard.ie www.filmboard.ie